BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

1 Lúnasa 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Rialacháin (CEE) Uimh. 3821/85 agus (AE) Uimh. 165/2014 – Oibleagáid cigireacht thréimhsiúil a dhéanamh ar thacagraif – Maolú – An abairt dheireanach d'Airteagal 49(1) agus Airteagal 51(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – An prionsabal *lex posterior mitius* – Pionóis riaracháin de chineál coiriúil – Achomharc ar phointe dlí – Dlí nua a tháinig i bhfeidhm i ndiaidh an bhreithiúnais a ndearnadh achomharc ina choinne – An coincheap 'ciontú críochnaitheach')

I gCás C-544/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE ó Najvyšší správny súd Slovenskej republiky (Cúirt Riaracháin Uachtarach, Poblacht na Slóvaice), trí bhreith an 16 Lúnasa 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 28 Lúnasa 2023, sna himeachtaí

T.T.,

BAJI Trans s.r.o.

v

Národný inšpektorát práce,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, T. von Danwitz, Leas-Uachtarán, F. Biltgen, K. Jürimäe, C. Lycourgos (Rapóirtéir), I. Jarukaitis, M. L. Arastey Sahún, S. Rodin, N. Jääskinen, D. Gratsias agus M. Gavalec, Uachtaráin Dlísheomra, E. Regan, J. Passer, Z. Csehi agus O. Spineanu-Matei, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Richard de la Tour,

Cláraitheoir: I. Illéssy, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 24 Meán Fómhair 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– T.T. agus BAJI Trans s.r.o., ag M. Mandzák agus M. Pohovej, advokáti, agus P. Rumanová, advokátka,

* Teanga an cháis: an tSlóvaicis.

– Národný inšpektorát práce, ag M. Mitterpák, generálny riaditel, agus L. Štofová, právnička,

– Rialtas na Slóvaice, ag A. Lukáčik agus E. V. Larišová agus S. Ondrášiková, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó M. Cherubini, avvocato dello Stato,

– an Coimisiún Eorpach, ag P. J. O. Van Nuffel agus A. Tokár, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 4 Feabhra 2025

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar an abairt dheireanach d'Airteagal 49(1) agus ar Airteagal 51(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir T.T. agus BAJI Trans s.r.o., de pháirt, agus an Národný inšpektorát práce (an tseirbhís náisiúnta cigireachta saothair, an tSlóvaic), de pháirt eile, i dtaca le fíneáil riaracháin arna forchur aige ar T.T.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

An Chairt

3 Foráiltear le hAirteagal 49(1) den Chairt:

'Ní bhfaighfear aon duine ciontach in aon chion coiriúil i ngeall ar aon ghníomh nó neamhghníomh nár chion coiriúil é faoin dlí náisiúnta nó faoin dlí idirnáisiúnta tráth a dhéanta Ná ní ghearrfar pionós is troime ná mar dob inghearrtha an tráth a rinneadh an cion coiriúil. Más rud é, tar éis an cion coiriúil a dhéanamh, go bhforáiltear do phionós níos éadroime sa dlí, beidh an pionós sin infheidhme.'

4 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 51(1) den Chairt:

'Tá forálacha na Cairte seo dírithe ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais le hurraim chuí do phrionsabal na coimhdeachta, agus ar na Ballstáit an tráth a gcuireann siad dlí an Aontais chun feidhme, agus an tráth sin amháin. Dá dheasca sin, tabharfaidh siad aird ar na cearta, déanfaidh siad na prionsabail a urramú agus cuirfidh a gcur i bhfeidhm chun cinn i gcomhréir lena gcumhachtaí faoi seach [...]'

Rialachán Uimh. 3821/85

5 Sa leagan a bhí infheidhme ar an dáta a rinneadh an cion atá i gceist sna príomhimeachtaí, foráladh le hAirteagal 3(1) agus (2) de Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle an 20 Nollaig 1985 maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar (IO 1985 L 370, lch. 1), arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 (IO 2006 L 102, lch. 1) ('Rialachán Uimh. 3821/85') mar seo a leanas:

'1. Déanfar trealamh taifeadta a shuiteáil agus a úsáid i bhfeithiclí atá cláraithe i mBallstát agus a úsáidtear chun paisinéirí nó earraí a iompar de bhóthar agus a bhfuil feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 maidir leo. [...]

2. Féadfaidh na Ballstáit na feithiclí atá luaite in Airteagal 13(1) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a dhíolmhú ó chur chun feidhme an Rialacháin seo.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Sa leagan a bhí infheidhme ar an dáta sin, foráladh le hAirteagal 19(1) den Rialachán sin:

'Glacfaidh na Ballstáit, in am trátha, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, na forálacha reachtacha, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme.

Baineann na forálacha sin, *inter alia*, le heagrú, nós imeachta agus uirlisí rialaithe mar aon leis na pionóis is infheidhme i gcás sárú.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Leis an teideal 'Cigireachtaí tréimhsiúla', foráladh le pointe 3(a) de Chuid VI d'Iarscríbhinn I den Rialachán sin, ar dháta an tsáraithe atá i gceist sna príomhimeachtaí:

'Déanfar cigireachtaí tréimhsiúla ar an trealamh a fheistítear sna feithiclí ar a laghad gach dara bliain agus féadfar iad a dhéanamh i dteannta na dtástálacha maidir le ródacmhainneacht gluaisteán.

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Aisghaireadh Rialachán 3821/85 ón 2 Márta 2016 ar aghaidh, le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO 2014 L 60, lch. 1).

Rialachán Uimh. 165/2014

9 Foráiltear le hAirteagal 3(1) agus (2) de Rialachán Uimh. 165/2014:

‘1. Déanfar tacagraif a shuiteáil agus a úsáid i bhfeithiclí atá cláraithe i mBallstát agus a úsáidtear chun paisinéirí nó earraí a iompar de bhóthar agus a bhfuil feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 maidir leo.

2. Féadfaidh na Ballstáit na feithiclí atá luaite in Airteagal 13(1) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a dhíolmhú ó chur chun feidhme an Rialacháin seo.’

10 Foráiltear hAirteagal 23(1) den Rialachán sin:

‘Beidh tacagraif faoi réir cigireachtaí rialta ag ceardlanna faofa. Déanfar cigireachtaí rialta gach dhá bhliain ar a laghad.’

11 Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 41(1) den Rialachán sin:

‘Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha, i gcomhréir le socruithe náisiúnta bunreachtúla, maidir leis na pionóis a bheidh infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo, agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach, athchomhairleach agus neamh-idirdhealaitheach agus beidh siad i gcomhréir le catagóirí na sáruithe mar leagtar amach i dTreoir 2006/22/CE [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le coinníollacha íosta le haghaidh chur chun feidhme Rialacháin (CEE) Uimh. 3820/85 agus (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le reachtaíocht shóisialta a bhaineann le gníomhaíochtaí iompair de bhóthar agus lena n-aisghairtear Treoir 88/599/CEE ón gComhairle (IO 2006 L 102, lch. 35)].’

12 De bhun Airteagal 48(2) den Rialachán sin:

‘Beidh feidhm [ag an Rialachán seo], faoi réir na mbeart idirthréimhseach in Airteagal 46, ón 2 Márta 2016. [...]’

Rialachán Uimh. 561/2006

13 Foráiltear le hAirteagal 1 de Rialachán Uimh. 561/2006:

‘Leis an Rialachán seo, leagtar síos na rialacha is infheidhme maidir le hamanna tiomána, sosanna agus tréimhsí scíthe do thiománaithe atá i mbun earraí agus paisinéirí a iompar de bhóthar, chun cothroime iomaíochta idir modhanna iompair de thalamh a chomhchuibhiú, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an earnáil bóithre, agus dálaí oibre agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Tá sé d’aidhm ag an Rialachán seo freisin dea-chleachtais faireacháin agus forfheidhmithe ag na Ballstáit agus modhanna oibre níos fearr in earnáil an iompair de bhóthar a chur chun cinn.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

14 In Airteagal 3, liostaítear na catagóirí feithiclí a dhéanann iompar de bhóthar nach bhfuil feidhm ag an Rialachán sin ina leith. Ní áirítear ar an liosta sin feithiclí a úsáidtear le haghaidh coincréit réamh-mheasctha a sheachadadh.

15 Liostaítear in Airteagal 13(1) den Rialachán sin na catagóirí feithiclí a dhéanann iompar, a fhéadfaidh na Ballstáit maoluithe ó Airteagail 5 go 9 den Rialachán sin a dheonú ina leith, a mhéid nach ndéanann sé sin dochar do na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán 561/2006.

16 Sa leagan a bhí infheidhme ar dháta an chiona atá i gceist sna príomhimeachtaí, níor luadh in Airteagal 13(1) na feithiclí a úsáideadh le haghaidh coincréit réamh-mheasctha a sheachadadh.

17 Leasaíodh Airteagal 13(1), áfach, le Rialachán (AE) 2020/1054 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla, agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a mhéid a bhaineann suíomh le tacagraif (IO 2020 L 249, lch. 1).

18 I ndiaidh an leasaithe sin, atá infheidhme ón 20 Lúnasa 2020, luaitear anois in Airteagal 13(1)(r) ‘feithiclí a úsáidtear le coincréit réamh-mheasctha a sheachadadh’ i measc na bhfeithiclí a bhféadfar maolú a ghlacadh ina leith ó Airteagail 5 go 9 de Rialachán Uimh. 561/2006.

Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95

19 Foráiltear le hAirteagal 1 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO 1995 L 312, lch. 1):

‘1. D’fhonn leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint, glactar rialacha ginearálta maidir le seiceálacha aonchineálacha agus maidir le bearta agus pionóis riaracháin a bhaineann le neamhrialtachtaí i dtaca le dlí an Chomhphobail.

2. Ciallaíonn “neamhrialtacht” aon sárú ar fhoráil de chuid dhlí an Chomhphobail de thoradh gníomh nó easnamh ag oibreoir eacnamaíoch, a raibh, nó a mbeadh, sé mar thoradh air dochar a dhéanamh do bhuiséad ginearálta na gComhphobal nó do na buiséid a bhainistíonn siad, trí ioncam a fhabhraíonn ó acmhainní dílse arna mbailiú go díreach thar ceann na gComhphobal a laghdú nó a chailliúint, nó trí mhír neamhdhlisteanach caiteachais.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

20 Foráiltear le hAirteagal 2(2) den Rialachán sin:

‘Ní fhéadfar aon phionós riaracháin a ghearradh mura bhfuil foráil déanta i ngníomh an Chomhphobail i ndáil leis an neamhrialtacht roimh ré. I gcás ina ndéanfar leasú ina dhiaidh sin ar na forálacha maidir le pionóis riaracháin atá i rialacha Comhphobail, beidh feidhm go cúlghabhálach ag na forálacha nach bhfuil chomh dian céanna.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Slóvaice

21 Foráiltear le hAirteagal 50(6) den Ústava Slovenskej republiky (Bunreacht Phoblacht na Slóvaice):

‘Déantar an cheist an ann do chion coiriúil a mheas agus tugtar an ciontú i gcomhréir leis an dlí a bhí i bhfeidhm tráth déanta an chiona. Beidh feidhm ag an dlí is déanaí má tá an dlí sin níos fabhraí do dhéantóir an chiona.’

22 Foráiltear le hAirteagal 2 de zákon č. 461/2007 Z. z. o používaní záznamového zariadenia v cestnej doprave (Dlí Uimh. 461/2007 maidir le húsáid trealamh taifeadta in iompar de bhóthar) an 13 Meán Fómhair 2007:

‘1. Mura bhforáiltear a mhalairt leis an dlí seo, féachfaidh gnóthas iompair a chuireann seirbhísí busiompair nó seirbhísí iompair earraí de bhóthar ar fáil go bhfuil trealamh taifeadta suiteáilte i ngach feithicil a úsáidtear chun paisinéirí nó earraí a iompar agus go n-úsáidtear leatháin taifid agus cártaí [tiománaí] dá hoibriú.

2. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid atá ar ghnóthas iompair de bhun mhír 1 i ndáil le feithiclí a úsáidtear le haghaidh iompair dá dtagraítear i bhforáil shonrach [tagairt d’Airteagal 3 agus d’Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 561/2006]’.

23 Foráiltear le hAirteagal 38(1)(a)(1) de zákon č. 462/2007 Z. z. o organizácii pracovného času v doprave a o zmene a doplnení zákona č. 125/2006 Z. z. o inšpekcii práce a o zmene a doplnení zákona č. 82/2005 Z. z. o nelegálnej práci a nelegálnom zamestnávaní a o zmene a doplnení niektorých zákonov v znení zákona č. 309/2007 Z. z. z 13. septembra 2007 (Dlí Uimh. 462/2007 maidir le heagrú ama oibre san iompar agus lena leasaítear Dlí Uimh. 125/206 maidir le cigireacht saothair agus lena leasaítear Dlí Uimh. 82/2005 maidir le saothar neamhdhleathach agus fostaíocht neamhdhleathach agus lena leasaítear dlíthe áirithe, arna leasú le Dlí Uimh. 309/2007 an 13 Meán Fómhair 2007):

‘Tiománaí a thiománann feithicil gan trealamh taifeadta nó le trealamh taifeadta nach ndearnadh cigireacht thréimhsiúil bhailí air nó a úsáideann an trealamh taifeadta ar bhealach mícheart, beidh cion déanta aige.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

24 Tháinig zákon č. 162/2015 Správny súdny poriadok (Dlí Uimh. 162/2015 lena mbunaítear Cód Ceartais Riaracháin) an 21 Bealtaine 2015 (‘CCR’) i bhfeidhm an 1 Iúil 2016.

25 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 145 de CCR:

‘(1) Beidh breithiúnas seirbheáilte críochnaitheach, mura bhforáiltear a mhalairt thíos.

(2) Tiocfaidh breithiúnas cúirte riaracháin chun bheith críochnaitheach ar dhul in éag tréimhse míosa óna sheirbheáil nó i gcás ina dtaisctear achomharc ar phointe dlí laistigh den tréimhse chéanna i gcoinne an bhreithiúnais sin, i gcás ina mbaineann an cinneadh le:

[…]

(c) achomharc breithiúnach riaracháin maidir le pionóis riaracháin,

[...]'

26 Foráiltear le hAirteagal 438(1) den Chód sin:

'Féadfar achomharc ar phointe dlí a thabhairt i gcoinne cinntí críochnaitheacha cúirte riaracháin [...]'

27 De réir Airteagal 440(1) den Chód sin:

'Ní fhéadfar achomharc ar phointe dlí a bheith bunaithe ar shárú a bheith déanta ag cúirt riaracháin, sa nós imeachta nó sa chinneadh, ach i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) easpa dlínse chun breith a thabhairt ar an díospóid,

(b) easpa *locus standi* duine de na páirtithe,

(c) easpa inniúlacht ag páirtí sa díospóid chun gníomhú go neamhspleách os comhair na cúirte riaracháin agus easpa ionadaíocht ó ionadaí dlí nó caomhnóir dlíthiúil atá ag feidhmiú ar a shon,

(d) rinneadh cinneadh críochnaitheach maidir leis an gcinneadh sin cheana nó tionscnaíodh imeachtaí sa chás céanna,

(e) chinn breitheamh a scaoileadh ó chás nó cúirt riaracháin arna comhdhéanamh go neamhrialta an cás,

(f) trí nós imeachta míchuí, chuir an chúirt riaracháin bac ar pháirtí a chearta nós imeachta a fheidhmiú ionas gur sáraíodh an ceart chun triail chóir a fháil,

(g) bhí breith na cúirte riaracháin bunaithe ar earráid dlí,

(h) chinn an chúirt riaracháin imeacht ó chásdlí socair [na Cúirte Riaracháin Uachtaraí],

(i) níor urramaigh an chúirt riaracháin an tuairim dhlíthiúil cheangailteach a cuireadh in iúl sa chinneadh maidir le neamhniú arna ghlacadh maidir leis an achomharc ar phointe dlí nó

(j) diúltaíodh don chaingean go neamhdhleathach.'

28 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 454 den Chód:

'Beidh an staid atá ann tráth a fógraítear nó a thugtar an cinneadh atá faoi chonspóid ón gcúirt riaracháin cinntitheach chun críoch chinneadh na [cúirte] achomhairc ar phointe dlí.'

29 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 462 de CCR:

'(1) Más rud é, i ndiaidh scrúdú, go gcinneann an chúirt achomhairc deiridh go bhfuil bunús leis an achomharc ar phointe dlí, cinnfidh sí an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus, de réir a chineáil, tarchuirfidh sí an cás ar ais chuig an gcúirt riaracháin chun leanúint den nós imeachta nó cuirfidh sí clabhsúr ar na himeachtaí, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh sí an cás ar aghaidh chuig an údarás inniúil do na chéad chéimeanna eile sa nós imeachta.

(2) Má thagann an chúirt achomhairc deiridh ar an gconclúid nach bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid ón údarás riaracháin nó an beart atá faoi chonspóid ón údarás riaracháin i gcomhréir leis an dlí, agus gur dhiúltaigh an chúirt riaracháin don chaingean féadfaidh sí cinneadh na cúirte riaracháin a leasú tríd an gcinneadh atá faoi chonspóid ón údarás riaracháin nó an beart atá faoi chonspóid ón údarás riaracháin a chur ar neamhní agus an cás a tharchur ar ais chuici do na chéad chéimeanna eile sa nós imeachta.

[…]'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

30 Le cinneadh riaracháin an 8 Nollaig 2016, fuarthas T.T. ciontach i sárú ar Airteagal 38(1)(a)(1) de Dhlí Uimh. 462/2007 as coincréit a iompar an 4 Samhain 2015 ar bord feithicle arna sealbhú ag BAJI Trans, nach ndearnadh cigireacht thréimhsiúil bhailí ar an tacagraf a bhí inti. I ndáil leis sin, ordaíodh do T.T. fíneáil EUR 200 a íoc.

31 Le cinneadh an 3 Aibreán 2017, dhiúltaigh an tseirbhís náisiúnta cigireachta saothair d'achomharc T.T. i gcoinne chinneadh an 8 Nollaig 2016.

32 Thaisc T.T. agus BAJI Trans achomharc i gcoinne na gcinntí riaracháin sin os comhair Krajský súd v Bratislave (Cúirt Réigiúnach, an Bhratasláiv, an tSlóvaic).

33 Le cinneadh an 27 Márta 2019, dhiúltaigh Krajský súd v Bratislave (Cúirt Réigiúnach, an Bhratasláiv) d'achomharc BAJI Trans toisc é a bheith do-ghlactha agus d'achomharc T.T. toisc nach raibh bunús leis. Go háirithe, mheas an chúirt sin gur foráladh don oibleagáid tacagraif a úsáid i bhfeithiclí iompair de bhóthar in Airteagal 3 de Rialachán Uimh. 3821/85 agus in Airteagal 2(1) de Dhlí Uimh. 461/2007, gan dochar do na maoluithe dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 13 de Rialachán Uimh. 561/2006. Níor áiríodh sna maoluithe sin áfach na feithiclí atá ceaptha chun coincréit a iompar.

34 An 15 Iúil 2019, rinne T.T. agus BAJI Trans achomharc ar phointe dlí i gcoinne an chinnidh sin os comhair Najvyšší súd Slovenskej republiky (an Chúirt Uachtarach, Poblacht na Slóvaice).

35 An 24 Lúnasa 2020, thaisc na páirtithe sin aighneacht i scríbhinn inar leag siad béim ar an leasú a rinneadh ar Rialachán Uimh. 561/2006 le Rialachán 2020/1054. Mhaígh siad go raibh sé de thoradh ar an leasú sin, a rinneadh i ndiaidh thaisceadh a n-achomharc ar phointe dlí nach raibh an méid a rinneadh an 4 Samhain 2015 neamhdhleathach a thuilleadh. Dá réir sin, ba cheart leasú den sórt sin a chur san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 50(6) de Bhunreacht Phoblacht na Slóvaice.

36 An 1 Lúnasa 2021, thosaigh Najvyšší správny súd Slovenskej republiky (Cúirt Riaracháin Uachtarach, Poblacht na Slóvaice) ag scrúdú na gcásanna go léir a bhí le breithniú ag an Dlísheomra Riaracháin de Najvyšší súd Slovenskej republiky (an Chúirt Uachtarach, Poblacht na Slóvaice) go dtí an 31 Iúil 2021, lena n-áirítear achomharc T.T. agus BAJI Trans.

37 Sa chéad áit, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire go gcumhdaítear an prionsabal *lex mitior* le hAirteagal 49 den Chairt, agus sonraíonn sí nach féidir an tAirteagal sin a chur i bhfeidhm ach amháin maidir le cás ina gcuireann Ballstát dlí an Aontais chun feidhme, de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt.

38 Ós rud é gur glacadh na dlíthe náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí chun Rialacháin Uimh. 3821/85 agus 165/2014 a chur chun feidhme, lena n-áirítear an oibleagáid a eascraíonn as na Rialacháin sin chun córas pionós a chur ar bun, measann an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, gur chuir an tseirbhís náisiúnta cigireachta saothair dlí an Aontais chun feidhme, de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt, nuair a thug sé cinneadh i dtaobh T.T. a bheith ciontach agus, ar an dara dul síos, go gcuirfidh sí féin an dlí sin i bhfeidhm nuair a thabharfaidh sí breith ar an achomharc os a comhair. Mar sin féin, is mian leis an gcúirt sin go ndeimhneoidh an Chúirt Bhreithiúnais an léiriú sin.

39 Sa dara háit, measann an chúirt a rinne an tarchur, chun na ceanglais arna bhforchur le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna shíniú sa Róimh an 4 Samhain 1950 (‘ECHR’) a chomhlíonadh, nach mór a cheangal ar na húdaráis riaracháin, a bhfuil sé de chúram orthu pionóis choiriúla a chur ar dhaoine aonair agus ar na cúirteanna a éisteann achomhairc ar na tuillteanais i gcoinne cinntí riaracháin, an prionsabal mbeidh feidhm go cúlghabhálach ag an dlí coiriúil níos fabhraí a chur i bhfeidhm. Measann an chúirt sin go bhfuil feidhm ag an réasúnaíocht chéanna i ndáil le hAirteagal 49(1) den Chairt. Mar sin féin, is mian léi a bheith cinnte go bhfuil feidhm ag an bhforáil sin sa chomhthéacs sin maidir leis an nós imeachta inar glacadh an pionós riarachán agus maidir leis an nós imeachta breithiúnach chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an phionóis sin.

40 Sa tríú háit, tá an chúirt a rinne an tarchur in amhras an gá di, mar chúirt achomhairc deiridh, dlí coiriúil níos fabhraí a glacadh i ndiaidh fhógairt an chinnidh bhreithiúnaigh a mheastar a bheith críochnaitheach faoin dlí náisiúnta a chur san áireamh, agus ar thionscain BAJI Trans agus T.T. achomharc ina choinne.

41 I ndáil leis sin, tugann an chúirt sin faoi deara gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais cheana go bhfuil feidhm ag an bprionsabal *lex posterior mitius* maidir le himeachtaí coiriúla go dtí go dtabharfar cinneadh críochnaitheach, ach nár thug sí rialú riamh ar an mbealach inar gá cineál críochnaitheach an chinnidh sin a mheas.

42 Measann an chúirt sin gur gá di a chur san áireamh, fiú in éagmais iarraidh chuige sin, na prionsabail bhunúsacha maidir leis an bpionós a shocrú, lena n-áirítear an prionsabal *lex posterior mitius*.

43 Mar sin féin, tugann an chúirt sin dá haire, ar an gcéad dul síos, i ndlí na Slóvaice, go mbreathnaítear ar an achomharc ar phointe dlí mar leigheas dlí urghnách, go díreach toisc go bhfuil sé dírithe i gcoinne cinneadh breithiúnach críochnaitheach agus, ar an dara dul síos, go bhfuil sí faoi cheangal ag an staid dhlíthiúil a bhí ann ar an dáta a fógraíodh an cinneadh sin.

44 Mar sin féin, tugann sí dá haire go leagtar amach na forais achomhairc i ndlí na Slóvaice ar bhealach leathan agus go gcuimsítear, i bprionsabal, gach earráid dlí agus nós imeachta. Thairis sin, i bprionsabal, tá sé de cheart ag an achomharcóir, i bprionsabal, go dtabharfar breith i ndáil leis an méid sin agus go leanfaidh an nós imeachta maidir leis an achomharc ar phointe dlí, go rialta agus go díreach, an nós imeachta os comhair na cúirte riaracháin níos íochtaraí.

45 Sna himthosca sin, chinn Najvyšší správny súd Slovenskej republiky (Cúirt Riaracháin Uachtarach Phoblacht na Slóvaice) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘(1) An gcaithfear Airteagal 51(1) den [Chairt] a léiriú sa chiall go bhfuil dlí an Aontais á chur chun feidhme ag Ballstát a forchuireann, faoin dlí náisiúnta, pionós riaracháin le haghaidh mainneachtain in oibleagáid a chomhlíonadh i gcás ina n-eascraíonn an oibleagáid sin ó dhlí an Aontais agus ina gceanglaítear ar na Ballstáit pionós a ghearradh ar mhainneachtain í [a] chomhlíonadh, mar a leagtar síos in Airteagal 19(1) de Rialachán Uimh. 3821/85 agus in Airteagal 41(1) de Rialachán Uimh. 165/2014?

(2) I gcás freagra dearfach ar an gcéad cheist: An gcaithfear Airteagal 49(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus prionsabal *lex posterior mitius* a leagtar síos ann a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm [acu] freisin maidir le forchur pionós le haghaidh cionta riaracháin i gcásanna nach ndéanann comhlachtaí breithiúnach[a] cinneadh ar chiontacht agus ar phionós ach comhlachtaí riaracháin, agus mar sin an bhfuil feidhm ag an bprionsabal seo maidir le [h]athbhreithniú ag cúirt riaracháin ar chinntí na comhlachta riaracháin sin?

(3) I gcás freagra dearfach ar an dara ceist: An gcaithfear Airteagal 49(1) den [Chairt] agus prionsabal *lex posterior mitius* a leagtar síos ann a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm aici maidir le himeachtaí riaracháin náisiúnta nó le himeachtaí breithiúnacha náisiúnta gan beann ar chéim reatha na n-imeachtaí sin?

(4) I gcás freagra diúltach ar an tríú ceist: Cad iad na critéir faoinar cheart an chéim sin a chinneadh? Go sonrach, an gcaithfear Airteagal 49(1) den [Chairt] agus prionsabal *lex posterior mitius* a leagtar síos ann a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm aici maidir le himeachtaí riaracháin chonspóideacha maidir le achomharc sa chúirt freaschuir, agus nach mór don Najvyšší správny súd (Cúirt Riaracháin Uachtarach na Slóvaice) ar tugadh an achomharc sin os a comhair ag an dara céim agus an chéim dheiridh leasú reachtach i bhfabhar déantóir na coire riaracháin, a bhí mar ábhar na n-imeachtaí os comhair na comhlachta riaracháin seachas an Chúirt a ndearna an leasú difear di, ach amháin tar éis cinneadh na cúirte riaracháin íochtarach atá faoi réir athbhreithniú a bheith críochnaitheach?’

Breithniú ar na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

46 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 51(1) den Chairt le léiriú sa chaoi go gcuireann Ballstát dlí an Aontais chun feidhme, de réir bhrí na forála sin, i gcás, i gcomhréir le hAirteagal 19(1) de Rialachán Uimh. 3821/85 agus Airteagal 41(1) de Rialachán 165/2014, ina bhforchuireann sé pionós riaracháin ar thiománaí feithicle, mar gheall ar shárú a rinne an tiománaí sin ar oibleagáidí arna bhforchur leis na Rialacháin sin.

47 Mar réamhphointe, áitíonn Rialtas na Slóvaice go bhfuil an freagra ar an gceist sin chomh soiléir sin nach gá aon fhreagra a thabhairt. A mhéid is gá a mheas go bhfuil an ráiteas sin dírithe ar inghlacthacht na ceiste sin a thabhairt faoi cheist, is leor a mheabhrú, fiú mura bhfuil aon amhras

réasúnta maidir le ceist le haghaidh réamhrialú, nach bhfágann sé sin fós go mbeidh an cheist sin do-ghlactha (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Nollaig 2011, *Painer*, C-145/10, EU:C:2011:798, mír 65, agus an 11 Bealtaine 2023, *MOMTRADE RUSE*, C-620/21, EU:C:2023:395, mír 38).

48 Faoi réir an mhéid sin, is léir ó Airteagal 51(1) den Chairt nach ndírítear forálacha na Cairte chuig na Ballstáit ach amháin nuair a bhíonn dlí an Aontais Eorpaigh á chur chun feidhme acu.

49 Tá na cearta bunúsacha a ráthaítear i ndlíchóras an Aontais ceaptha a bheith infheidhme i ngach cás a rialaítear le dlí an Aontais, ach ní lasmuigh de na cásanna sin (breithiúnais an 26 Feabhra 2013, *Åkerberg Fransson*, C-617/10, EU:C:2013:105, mír 19).

50 Thairis sin, is léir ó chásdlí socair na Cúirte go gcuireann an Ballstát dlí an Aontais chun feidhme, de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt, i gcás ina gcomhlíonann sé an oibleagáid, a leagtar amach i ngníomh dhlí an Aontais, foráil a dhéanamh do phionóis i ndáil leis na sáruithe dá dtagraítear sa ghníomh sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 26 Feabhra 2013, *Åkerberg Fransson*, C-617/10, EU:C:2013:105, mír 27, agus an 19 Deireadh Fómhair 2023, *G. ST. T. (Comhréireacht pionós i gcás sárú ar thrádmharc)*, C-655/21, EU:C:2023:791, mír 43).

51 Sa chás seo, sular tháinig Rialachán 2020/1054 i bhfeidhm, ceanglaíodh le Rialachán Uimh. 3821/85, a bhí infheidhme ar dháta an tsáraithe a rinne T.T., agus le Rialachán Uimh. 165/2014, gan mhaolú, go mbeadh tacagraif i bhfeithiclí amhail an fheithicil atá i gceist sna príomhimeachtaí, agus cigireacht thréimhsiúil a dhéanamh ar na tacagraif sin. Thairis sin, is léir ó Airteagal 19(1) de Rialachán Uimh. 3821/95 agus ó Airteagal 41(1) de Rialachán Uimh. 165/2014 go gcuirtear d'oibleagáid leo ar na Ballstáit pionós a chur ar sháruithe ar fhorálacha na Rialachán sin.

52 Dá bhrí sin, trí Airteagal 38(1)(a)(1) de Dhlí Uimh. 462/2007 a ghlacadh agus trí fhíneáil riaracháin a fhorchur ar T.T. as feithicil iompair coincréite réamh-mheasctha a thiomáint gan a chuid oibleagáidí maidir le cigireacht thréimhsiúil ar an tacagraif ar cheart a bheith suiteáilte san fheithicil sin a chomhlíonadh, gur chuir údaráis na Slóvaice dlí an Aontais chun feidhme, de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt.

53 É sin ráite, baineann na príomhimeachtaí, go sonrach, leis an bhféidearthacht pionós a fhorchur ar T.T. as sárú den sórt sin a dhéanamh, roimh theacht i bhfeidhm Rialachán 2020/1054, cé gurb amhlaidh, trí éifeacht chomhcheangailte an Rialacháin sin agus Airteagal 2(2) de Dhlí Uimh. 461/2007, go ndíolmhaítear na feithiclí iompair coincréite réamh-mheasctha anois, i ndlí na Slóvaice, ón oibleagáid tacagraif a bheith iontu.

54 Dá réir sin, ar mhaithe le freagra iomlán a thabhairt ar an gcúirt a rinne an tarchur, ní mór a thabhairt faoi deara, trí leasú den sórt sin ar an reachtaíocht náisiúnta ábhartha, gur chuir reachtas na Slóvaice dlí an Aontais chun feidhme freisin, de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt.

55 Go deimhin, bhain an reachtas sin leas as an bhféidearthacht, a aithnítear a bheith aige faoi Airteagal 3(2) de Rialachán Uimh. 165/2014, na feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 13(1) de Rialachán 561/2006, arna fhorlíonadh le Rialachán 2020/1054, a dhíolmhú ón oibleagáid tacagraif a bheith iontu.

56 De réir chásdlí na Cúirte, i gcás ina nglacann Ballstát bearta i gcomhthéacs cumhacht lánroghnach ina bhfuil breithmheas mar chuid dhílis de na rialacha arna leagan síos le gníomh dhlí an Aontais, ní mór a mheas go bhfuil an dlí á chur chun feidhme aige, de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt (féach, chuige sin, breithiúnais an 13 Meitheamh 2017, *Florescu agus páirtithe eile*, C-258/14, EU:C:2017:448, mír 48 agus an 29 Iúil 2024, *protectus*, C-185/23, EU:C:2024:657, mír 59).

57 Baineann an díospóid sna príomhimeachtaí, dá bhrí sin, le reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear dlí an Aontais chun feidhme, de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt, sa chaoi gur gá na ceanglais a eascraíonn ó na cearta bunúsacha sin arna gcumhdach ann a chomhlíonadh i gcomhthéacs na díospóide sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Real Madrid Club de Fútbol* (C-633/22, EU:C:2024:843, mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear).

58 Is léir ó na breithnithe go léir roimhe seo nach mór Airteagal 51(1) den Chairt a léiriú sa chaoi go gcuireann Ballstát dlí an Aontais chun feidhme, de réir bhrí na forála sin, i gcás, ar an gcéad dul síos, i gcomhréir le hAirteagal 19(1) de Rialachán Uimh. 3821/85 agus Airteagal 41(1) de Rialachán 165/2014, ina bhforchuireann sé pionós riaracháin ar thiománaí feithicle, mar gheall ar shárú a rinne an tiománaí sin ar oibleagáidí arna bhforchur leis na Rialacháin sin agus, ar an dara dul síos, ina n-úsáideann sé, ina dhiaidh sin, an fhéidearthacht a aithnítear dó faoi Airteagal 3(2) den Rialachán sin, feithiclí iompair de bhóthar áirithe a dhíolmhú ó chomhlíonadh oibleagáidí den sórt sin.

An dara ceist

59 Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil an abairt dheireanach d'Airteagal 49(1) den Chairt le léiriú sa chaoi gur féidir go mbeidh feidhm aici maidir le pionós riaracháin forchuireadh ar bhonn riail a leasaíodh, i ndiaidh an pionós sin a ghlacadh, ar bhealach atá níos fabhraí don duine a bhforchuirtear pionós ina leith.

60 Mar réamhphointe, ní mór a thabhairt faoi deara go bhforáiltear leis an abairt dheireanach d'Airteagal 49(1) den Chairt, más rud é, i ndiaidh an dáta a rinneadh an cion, go bhforáiltear do phionós níos éadroime le dlí, nach mór an pionós sin a chur i bhfeidhm.

61 Cumhdaítear leis an bhforáil sin an prionsabal go gcuirfear an dlí coiriúil is fabhraí i bhfeidhm go cúlghabhálach, a ráthaítear freisin le hAirteagal 7 de ECHR (féach, chuige sin, ECtHR, an 17 Meán Fómhair 2009, *Scoppola* v *an Iodáil (Uimh. 2)*, CE:ECHR:2009:0917JUD001024903, § 109].

Raon feidhme an dara habairt d'Airteagal 49(1) den Chairt

62 Is léir ó na mínithe ar an gCairt um Chearta Bunúsacha (IO 2007 C 303, lch. 17) a bhaineann le hAirteagal 49 go bhfuil feidhm ag an bhforáil sin maidir le hábhair choiriúla.

63 Mar a dheimhnigh an tAbhcóide Ginearálta i mír 52 dá Thuairim, is léir ó chásdlí socair na Cúirte go bhfuil trí chritéar ábhartha chun a mheas an bhfuil pionós de chineál coiriúil chun críoch, go háirithe, Airteagal 49 den Chairt a chur chun feidhme. Is é an chéad cheann aicmiú dlíthiúil an chiona faoin dlí náisiúnta, is é cineál intreach an chiona an dara ceann, agus is é an tríú ceann déine an phionóis a d'fhéadfadh an duine lena mbaineann a thabhú (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Meitheamh 2012, *Bonda*, C-489/10, EU:C:2012:319, mír 37, agus an 4 Bealtaine 2023, *Agenția Națională de Integritate*, C-40/21, EU:C:2023:367, mír 34).

64 Cé gur faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé measúnú a dhéanamh, i bhfianaise na gcritéar sin, an fíneáil de chineál coiriúil í de réir bhrí Airteagal 49(1) den Chairt an fhíneáil a forchuireadh ar T.T., féadfaidh an Chúirt, agus réamhrialú á thabhairt aici, treoir a thabhairt don chúirt sin dá measúnú (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Bealtaine 2023, *Funke Medien NRW*, C-469/21, EU:C:2023:367, mír 36).

65 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, maidir leis an gcéad chritéar a bhaineann le haicmiú dlíthiúil an tsáraithe faoin dlí náisiúnta, is léir ón bhfaisnéis a thug an chúirt a rinne an tarchur go meastar go bhfuil an cion atá i gceist sna príomhimeachtaí ina chion riaracháin faoi dhlí na Slóvaice.

66 Mar sin féin, cuimsítear le cur i bhfeidhm Airteagal 49 den Chairt, fiú le haghaidh cionta nach n-aicmítear mar ‘coiriúil’ faoin dlí naisiúnta, imeachtaí agus pionóis nach mór a mheas go bhfuil siad de chineál coiriúil ar bhonn an dá chritéar eile dá dtagraítear i mír 63 den bhreithiúnas seo (féach, chuige sin, breithiúnais an 22 Meitheamh 2021, *Latvijas Republikas Saeima (Pointí pionóis)*, C-439/19, EU:C:2021:504, mír 88, agus an 14 Meán Fómhair 2023, *Vinal*, C-820/21, EU:C:2023:667, mír 49).

67 Ina dhiaidh sin, maidir leis an dara critéar bunaithe ar chineál féin an chiona, tugtar le tuiscint uaidh gur gá a fhíorú an saothraítear leis an mbeart atá i gceist, *inter alia*, críoch phionósach, rud atá sonrach do phionós de chineál coiriúil de réir bhrí Airteagal 49 den Chairt, gan an t-aon fhíoras go bhfuil críoch choisctheach i gceist leis a bheith de chineál go mbaintear an t-aicmiú mar chion coiriúil de. Is de dhual de phionóis choiriúla é go bhféachann siad le hiompar neamhdhleathach a phionósú agus a chosc. Os a choinne sin, ní beart de chineál coiriúil é beart nach ndéanann ach an damáiste a bhaineann leis an sárú atá i gceist a leigheas (breithiúnais an 22 Meitheamh 2021, *Latvijas Republikas Saeima (Pointí pionóis)*, C-439/19, EU:C:2021:504, mír 89 agus an 14 Meán Fómhair 2023, *Vinal*, C-820/21, EU:C:2023:667, mír 50).

68 Sa chás seo, is cosúil go saothraítear cuspóirí a bhaineann le cionta a chosc agus a phionósú leis na fíneálacha riaracháin a bhaineann le sárú ar oibleagáidí a bhaineann le tacagraif a bheith ar bord feithiclí áirithe agus cigireacht thréimhsiúil a dhéanamh orthu, agus nach bhfuil sé i gceist cúiteamh a dhéanamh ar an dochar arna dhéanamh acu.

69 Thairis sin, mheas an Chúirt cheana féin go bhféadfaidh sé go léiríonn an fíoras nach bhfuil an beart atá i gceist dírithe ar an bpobal i gcoitinne, ach ar chatagóir áirithe daoine a bhfuil sé de cheangal orthu, toisc go bhfeidhmíonn siad gníomhaíocht arna rialú go sonrach ag dlí an Aontais, na coinníollacha riachtanacha faoin dlí sin a chomhlíonadh, nach bhfuil críoch phionósach ag an mbeart sin agus rannchuidiú lena léiriú nach de chineál coiriúil é an beart sin, ar choinníoll go bhfuil an beart sin teoranta do chumhachtaí sonracha áirithe a aithnítear leis an dlí sin a bhaint den té ar a bhfuil sé dírithe, ar an bhforas gur mheas an t-údarás riaracháin inniúil nár comhlíonadh na coinníollacha chun na cumhachtaí sin a dheonú a thuilleadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2023, *Vinal*, C-820/21, EU:C:2023:667, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear). Is léir nach bhfuil cuspóir den chineál sin ag an bhfíneáil atá i gceist sna príomhimeachtaí.

70 Ar deireadh, maidir leis an tríú critéar a bhaineann le leibhéal déine an phionóis atá i gceist, ní mór a thabhairt faoi deara nach mór an méid sin a mheas i bhfianaise an phionóis uasta dá bhforáiltear sna forálacha ábhartha (breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2023, *Vinal*, C-820/21, EU:C:2023:667, mír 55 agus an cásdlí dá dtagraítear).

71 Sa chás seo, cuireadh béim air, le linn na héisteachta, go raibh cion, arna dhéanamh ag T.T. faoi réir fíneáil riaracháin de mhéid suas go EUR 1 699. Ina theannta sin, mar a leag Rialtas na Slóvaice béim air le linn na héisteachta sin, is cosúil gur féidir go mbainfí ceadúnas tiomána ar feadh dhá bhliain de bhreis ar an bhfíneáil sin. Is faoin gcúirt an chúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú an bhféadfadh pionóis den sórt sin, arna nglacadh le chéile, a bheith sách dian chun go bhféadfaí iad a aicmiú mar phionósach agus dá bhrí sin, de chineál coiriúil.

72 Ní mór a chur san áireamh freisin an fíoras gurb ionann gan cigireacht a bheith déanta ar thacagraif ag ceardlann fhaofa agus cion an-tromchúiseach, de bhun phointe H.1. d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2006/22, arna leasú le Treoir (AE) 2020/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 (IO 2020 L 249, lch. 49). Go deimhin, ceanglaítear le hAirteagal 41(1) de Rialachán Uimh. 165/2014 ar na Ballstáit go léir go ndéanfaidh foráil maidir le pionóis atá éifeachtach, comhréireach, athchomhairleach agus neamh-idirdhealaithe, agus i gcomhréir freisin leis na catagóirí sáruithe a leagtar amach i dTreoir 2006//22.

73 Más rud é, áfach, ag deireadh scrúdú ar na himthosca ábhartha go léir, go measann an chúirt sin nach bhfuil an fhíneáil sin de chineál coiriúil agus, dá bhrí sin, nach bhfuil feidhm ag an dara habairt d'Airteagal 49(1) den Chairt maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí, ní cheanglófar le haon riail dlí an Aontais, sa chás seo, an prionsabal *lex mitior* a chomhlíonadh.

74 Go sonrach ní fhéadfadh an chúirt a rinne an tarchur brath ar phrionsabal ginearálta de dhlí an Aontais lena gcumhdaítear cur i bhfeidhm cúlghabhálach an phionóis níos éadroime.

75 Ar an gcéad dul síos, is fíor gur leag an Chúirt prionsabal den sórt sin síos, fiú roimh theacht i bhfeidhm na Cairte, ar bhonn na dtraidisiún bunreachtúil is coiteann do na Ballstáit (breithiúnas an 3 Bealtaine 2005, *Berlusconi agus páirtithe eile*, C-387/02, C-391/02 agus C-403/02, EU:C:2005:270, míreanna 68 agus 69). Mar sin féin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 67 dá Thuairim, níl aon traidisiún bunreachtúil coiteann lena dtugtar bunús don phrionsabal *lex mitior* a leathnú chuig pionóis nach bhfuil de chineál coiriúil.

76 Tacaíonn an chonclúid sin le rogha údair na Cairte raon feidhme phrionsabal an dlí choiriúil níos fabhraí, mar a ráthaítear leis an abairt dheireanach d'Airteagal 49(1), a theorannú do bhearta faoin réimse coiriúil, agus leis an bhfíoras go bhfuil raon feidhme Airteagal 7 de ECHR teoranta do na bearta sin amháin freisin.

77 Ar an dara dul síos, ní thugtar an fíoras go bhfuil raon feidhme an phrionsabail ghinearálta go gcuirfear i bhfeidhm an pionós níos éadroime go cúlghabhálach teoranta don réimse coiriúil faoi cheist leis an dara habairt d'Airteagal 2(2) de Rialachán Uimh. 2988/95, ar dá réir nach mór do na húdaráis inniúla leasuithe ina dhiaidh sin i reachtaíocht earnála an Aontais lena mbunaítear pionóis riaracháin nach bhfuil chomh dian céanna a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach maidir le hiompar arb ionann é agus neamhrialtacht a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais, de réir bhrí Airteagal 1(1) den Rialachán sin.

78 Is fíor go bhforáiltear leis an bhforáil sin do chur i bhfeidhm cúlghabhálach fhorálacha dhlí an Aontais lena maolaítear déine na rialacha a bhaineann le pionóis riaracháin, agus nach bhfuil a raon feidhme teoranta do chionta coiriúla amháin.

79 Mar sin féin, mar a leag an tAbhcóide Ginearálta béim air i mír 70 dá Thuairim, léiríonn an fíoras gur mheas reachtas an Aontais gur ghá, in Airteagal 2(2) de Rialachán Uimh. 2988/95, prionsabal ginearálta dhlí an Aontais go gcuirfear an pionós níos éadroime i bhfeidhm go gcúlghabhálach a

leathnú chuig na pionóis riaracháin go léir a bhaineann leis na neamhrialtachtaí a fhéadfaidh dochar a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais, de réir bhrí Airteagal 1 den Rialachán sin, bíodh siad de chineál coiriúil nó ná bíodh, go díreach nach bhfuil sé beartaithe go mbeidh feidhm ag an bprionsabal sin, ann féin, maidir le pionóis nach bhfuil den chineál sin.

Raon feidhme an dara habairt d'Airteagal 49(1) den Chairt

80 Cuirtear an oibleagáid de bhun an abairt dheireanach d'Airteagal 49(1) den Chairt dlí a ghlactar i ndiaidh cion a dhéanamh faoi réir an choinníll go 'bhforáiltear do phionós níos éadroime' sa dlí sin.

81 Tugtar le tuiscint le cur i bhfeidhm na forála sin mar sin rialacha dlí ag teacht i ndiaidh a chéile ó thaobh ama de agus braitheann sé ar aitheantas go léirítear leis an teacht i ndiaidh a chéile sin, sa dlíchóras lena mbaineann, athrú seasaimh atá fabhrach do dhéantóir an chiona, bíodh sin maidir le haicmiú coiriúil na ngníomhartha a d'fhéadfadh a bheith ina gcion, nó bíodh sin maidir leis an bpianbhreith atá le cur i bhfeidhm i leith cion den sórt sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Iúil 2023, *Lin*, C-107/23 PPU, EU:C:2023:606, mír 107 agus an cásdlí dá dtagraítear).

82 Ina theannta sin, chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine cheana nach ráthaítear le hAirteagal 7 de ECHR go gcuirfear reachtaíocht atá fabhrach do dhéantóir ciona i bhfeidhm i gcás inarb é an t-aon chúis leis sin athrú ar na himthosca fíorasacha, ó rinneadh an cion sin agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sé ábhartha maidir le scrúdú ar an gcion sin ann féin (ECtHR, 18 Deireadh Fómhair 2022, *Morck Jensen* v *an Danmhairg*, CE:ECHR:2022:1018JUD006078519, § 52).

83 Sa chás seo, mar a leagadh béim air i mír 52 den bhreithiúnas seo, cuireadh pionós ar T.T. as feithicil seachadta coincréite réamh-mheasctha a thiomáint gan cigireacht thréimhsiúil bhailí a bheith déanta ar an tacagraf.

84 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, sular aisghaireadh Rialachán Uimh. 165/2014, gur údaraíodh le hAirteagal 3(2) de Rialachán Uimh. 3821/85, a bhí infheidhme tráth a rinneadh an sárú atá i gceist sna príomhimeachtaí, do na Ballstáit an Rialachán sin a chur i bhfeidhm maidir le feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 13(1) agus (3) de Rialachán Uimh. 561/2006. Aithnítear go bhfuil cumhacht den sórt sin ag na Ballstáit faoi Airteagal 3(2) de Rialachán Uimh. 165/2014, atá i bhfeidhm ón 2 Márta 2016.

85 Ar an dara dul síos, le Rialachán 2020/1054, cuireadh an chatagóir d'fheithiclí a úsáidtear le coincréit réamh-mheasctha a sheachadadh leis an gcatagóir feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 561/2006, eadhon na feithiclí a fhéadfaidh na Ballstáit maoluithe a dheonú ina leith, agus tá leasú den sórt sin infheidhme ón 20 Lúnasa 2020.

86 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 78 dá Thuairim, trí na feithiclí sin a chur leo siúd dá dtagraítear cheana in Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 561/2006, léiríonn Rialachán 2020/1054 athrú seasaimh ar thaobh reachtas an Aontais maidir leis an ngá le ceanglas a leagan síos go mbeidh tacagraif ar bord feithiclí, a mbíonn na turais, i bprionsabal, sách gearr.

87 Dá bhrí sin, ní hionann leasú den sórt sin agus na cásanna inar mheas an Chúirt, go bunúsach, nach bhféadfadh leasú ar an reachtaíocht is infheidhme, cé go raibh sé fabhrach don duine cúisithe nó ciontaithe, teacht faoi raon feidhme an phrionsabail *lex mitior*, ar an bhforas nach raibh leasú den sórt sin de chineál go n-athraítear na heilimintí a chomhdhéanann cion coiriúil ach gurbh ionann é, i ndáil leis an gcion sin, agus athrú amháin ar staid fhíorasach, nó go raibh

údar leis ar bhonn measúnú nua eacnamaíoch agus teicniúil arna dhéanamh ag reachtas an Aontais nár thug neamhrialtacht an iompair a raibh an duine atá faoi phionós ina bhun roimhe sin faoi cheist (féach, chuige sin, breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2016, *Paoletti agus páirtithe eile*, C-218/15, EU:C:2016:748, míreanna 32 go 36, agus an 7 Lúnasa 2018, *Clergeau agus páirtithe eile*, C-115/17, EU:C:2018:651, míreanna 34 go 40).

88 Dá réir sin, leasaíodh rialacha dhlí an Aontais maidir leis an oibleagáid tacagraf a shuiteáil i bhfeithiclí áirithe agus cigireacht thréimhsiúil a dhéanamh orthu, i ndiaidh an chiona a rinne T.T. ar shlí a d'fhéadfadh a bheith fabhrach dó dá gcinnfeadh údaráis na Slóvaice, i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialachán Uimh. 165/2014, an cineál feithicle sin a eisiamh ón oibleagáid tacagraf a bheith suiteáilte iontu.

89 Foráiltear le hAirteagal 2(2) de Dhlí Uimh. 461/2007 go ndíolmhaítear na feithiclí go léir a luaitear in Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 561/2006 ón oibleagáid tacagraif a bheith suiteáilte iontu.

90 Is cosúil, dá bhrí sin, mar a tugadh faoi deara i mír 55 den bhreithiúnais seo, gur chinn reachtas na Slóvaice an chumhacht dá bhforáiltear in Airteagal 3(2) de Rialachán 165/2014 a chur chun feidhme trí gach catagóir d'fheithiclí a liostaítear in Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 61/2006 a dhíolmhú ón oibleagáid tacagraif a bheith suiteáilte iontu ar na cúiseanna céanna agus a bhí ag reachtas an Aontais.

91 Mar a leag Rialtas na Slóvaice béim air ina bharúlacha i scríbhinn agus le linn na héisteachta, is cosúil, dá bhrí sin, gur léir ó cháschomhad na Cúirte go léiríonn an deireadh leis an oibleagáid, i ndlí na Slóvaice, maidir le feithiclí atá ceaptha chun coincréit réamh-mheasctha a iompar, tacagraf a bheith suiteáilte iontu, athrú i seasamh reachtóir na Slóvaice maidir lena thoil chun cionta amhail iad sin a cuireadh i leith T.T. a phionósú, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú.

92 Ar deireadh, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil na ráthaíochtaí céanna in Airteagal 49 den Chairt, ar a laghad, agus atá sna cinn dá bhforáiltear in Airteagal 7 de ECHR atá le cur san áireamh, de bhun Airteagal 2 (3) den Chairt, mar thairseach cosanta bunúsaí (breithiúnas an 29 Iúil 2024, *Alchaster*, C-202/24, EU:C:2024:649, mír 92 agus an cásdlí dá dtagraítear). Dá bhrí sin, ní mór Chúirt, féachaint chuige go n-áiríthtítear leis an léiriú a dhéantar sa chás seo leibhéal cosanta nach bhfuil ar neamhréir leis an leibhéal cosanta a áirithítear le hAirteagal 7, arna léiriú ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine (breithiúnas an 10 Samhain 2022, *DELTA STROY 2003*, C-203/21, EU:C:2022:865, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

93 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara go n-áirithítear leis na ceanglais a gcuireann Airteagal 49(1) den Chairt an prionsabal l*ex posterior mitius* faoina réir, mar is léir ó mhír 81 den bhreithiúnas seo, i bhfianaise chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine dá dtagraítear i mír 82 den bhreithiúnas seo, leibhéal cosanta don phrionsabal sin nach sáraíonn an leibhéal a áirithítear le hAirteagal 7 de ECHR, arna léiriú ag an gCúirt sin.

94 Is léir ó na breithnithe sin go léir thuas go bhfuil an abairt dheireanach d'Airteagal 49(1) den Chairt le léiriú sa chaoi go bhféadfadh sé go mbeidh feidhm aici maidir le pionós riaracháin, de chineál coiriúil, a forchuireadh ar bhonn riail a leasaíodh, i ndiaidh an pionós sin a ghlacadh, ar bhealach atá níos fabhraí don duine a cuireadh faoi phionós, ar choinníoll go léiríonn an leasú sin athrú sa seasamh maidir le haicmiú coiriúil na ngníomhartha a rinneadh an duine sin nó maidir leis an bpionós atá le cur i bhfeidhm.

An tríú agus an ceathrú ceist

95 Lena tríú agus a ceathrú ceist, nach mór a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsacha, an bhfuil an abairt dheireanach d'Airteagal 49(1) den Chairt le léiriú sa chaoi go gceanglaítear ar chúirt, a bhfuil achomharc ar phointe dlí os a comhair i gcoinne cinneadh breithiúnach lenar diúltaíodh do chaingean i gcoinne fíneáil riaracháin, de chineál coiriúil agus a thagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais, reachtaíocht a chur i bhfeidhm atá níos fabhraí don duine ciontaithe agus a tháinig i bhfeidhm i ndiaidh fhógairt an chinnidh bhreithiúnaigh, gan beann ar an bhfíoras go meastar go bhfuil an cinneadh sin críochnaitheach faoin dlí náisiúnta.

96 Sa chéad áit, ní mór a thabhairt faoi deara gur chinn an Chúirt cheana go bhfuil an riail go gcuirfear i bhfeidhm an dlí coiriúil is fabhraí, a chuimsítear san abairt dheireanach d'Airteagal 49(1) den Chairt, ceaptha a bheith infheidhme fad nár fógraíodh aon chiontú (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2015, *Delvigne*, C-650/13, EU:C:2015:648, mír 56).

97 Ciallaíonn an riail sin, ón dáta ónar measadh, sa dlíchóras lena mbaineann, nár ghá iompar faoi leith a phionósú nó a phionósú chomh dian sin a thuilleadh, nach mór athrú measúnaithe den sórt sin a fheidhmiú láithreach maidir le gach nós imeachta coiriúil nach bhfuil clabhsúr curtha leis trí chiontú críochnaitheach.

98 Ní mór a thabhairt faoi deara nach bhfuil an léiriú sin ar an abairt dheireanach d'Airteagal 49(1) den Chairt ar neamhréir leis an tairseach chosanta a chuirtear ar fáil le hAirteagal 7 de ECHR. I gcomhréir le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, ciallaíonn an prionsabal *lex posterior mitius*, mar a ráthaítear in Airteagal 7(1) de ECHR gurb amhlaidh, murab ionann an dlí coiriúil a bhfuil feidhm aige tráth déanta an chiona agus na dlíthe coiriúla ina dhiaidh sin arna nglacadh i ndiaidh breithiúnas críochnaitheach a fhógairt, nach mór don chúirt an dlí lena mbaineann na forálacha is fabhraí a chur i bhfeidhm maidir leis an gcúisí (féach, chuige sin, ECtHR, an 17 Meán Fómhair 2009, *Scoppola* v *an Iodáil (Uimh. 2)*, CE:ECHR:2009:0917JUD001024903, § 109].

99 Sa dara háit, cé go dtagann na rialacha nós imeachta coiriúil faoi inniúlacht na mBallstát a mhéid nach bhfuil rialacha glactha ag an Aontas sa réimse sin, tá sé de cheangal orthu fós, i bhfeidhmiú na hinniúlachta sin, na hoibleagáidí a eascraíonn as dlí an Aontais, óna dtaobhsa, lena n-áirítear na cearta bunúsacha a chumhdaítear leis an gCairt (féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Aibreán 2024, *Procura della Repubblica presso il Tribunale di Bolzano*, C-178/22, EU:C:2024:371, mír 44).

100 Dá bhrí sin, cé go bhfuil an measúnú ar chineál críochnaitheach an chiontaithe le déanamh ar bhonn dhlí an Bhallstáit inar tugadh an ciontú sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 5 Meitheamh 2014, *M*, C-398/12, EU:C:2014:1057, mír 36), is amhlaidh fós nach mór an coincheap sin a léiriú go neamhspleách agus go haonfhoirmeach ar fud an Aontais, chun críoch an abairt dheireanach d'Airteagal 49(1) den Chairt a chur i bhfeidhm, ós rud é go gcinntear leis sin raon feidhme an chirt a ráthaítear leis an bhforáil sin agus, dá thoradh sin, raon feidhme na n-oibleagáidí a eascraíonn as sin do na Ballstáit.

101 Dá réir sin, mar a leag an tAbhcóide Ginearálta béim air i mír 99 dá Thuairim, níl an fíoras go measann an chúirt a bhfuil achomharc os a comhair i gcoinne an chinnidh lenar fógraíodh an ciontú sin go bhfuil ciontú críochnaitheach, de bhun an dlí náisiúnta, cinntitheach chun an abairt dheireanach d'Airteagal 49(1) den Chairt a chur i bhfeidhm.

102 Ní fhéadfaí a mheas go bhfuil ciontú críochnaitheach, de réir bhrí na habairte deireanaí d'Airteagal 49(1) den Chairt, nuair is féidir gnáthachomharc a dhéanamh ina choinne, eadhon aon achomharc atá mar ghnáthchuid de na himeachtaí agus atá ina chéim nós imeachta, ann féin, ar féidir le haon pháirtí a bheith ag súil leis go réasúnta (féach, de réir analaí, breithiúnas an 22 Samhain 1977, *Industrial Diamond Supplies*, 43/77, EU:C:1977:188, mír 37).

103 Is amhlaidh an cás más féidir leis an duine ciontaithe nó an údarás poiblí atá i bhfeighil ar an ionchúiseamh coiriúil, achomharc os comhair cúirte a thabhairt, laistigh de thréimhse arna cinneadh le dlí agus gan dualgas a bheith air imthosca eisceachtúla a léiriú, amhail an gá le comhleanúnachas an chásdlí a áirithiú, chun leas an dlí, d'fhonn neamhniú nó athrú ar an gciontú nó na pianbhreithe a forchuireadh, agus sin, gan dochar don fhíoras go meastar go bhfuil achomharc den sórt sin, faoin dlí náisiúnta, ina leigheas urghnách, rud is amhlaidh, i gcomhréir leis an bhfaisnéis a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil dá dtagraítear i mír 43 den bhreithiúnas seo, i gcás dhlí na Slóvaice. Fad nach bhfuil an teorainn ama chun achomharc den sórt sin a thabhairt imithe in éag nó nár tugadh breith ar an achomharc sin, ní féidir a mheas go bhfuil deireadh curtha leis an ionchúiseamh poiblí go críochnaitheach leis an gcinneadh maidir leis an gciontú sin agus an bpianbhreith sin, chun críoch an chéad abairt d'Airteagal 49(1) den Chairt a chur i bhfeidhm.

104 Thairis sin, cé nach bhfuil sé seo cinntitheach, is tásc é an éifeacht fionraíochta atá ag achomharc a thabhairt i gcoinne ciontú go mbaineann an t-achomharc le cinneadh nach féidir a aicmiú mar chinneadh críochnaitheach, chun críoch an fhoráil sin a chur i bhfeidhm.

105 Dá bhrí sin, i gcás ina dtionscnaítear achomharc ar phointe dlí, sna coinníollacha dá dtagraítear i mír 103 den bhreithiúnas seo, i gcoinne cinneadh breithiúnach, níl an cinneadh sin ceaptha a bheith críochnaitheach, chun críoch chur i bhfeidhm na chéad abairte d'Airteagal 49(1) den Chairt, ach go dtí go mbeidh an leigheas dlí sin ídithe ag na páirtithe nó go dtí go mbeidh an teorainn ama istigh chun achomharc den sórt sin a thabhairt agus gan é a bheith tionscanta.

106 Dá réir sin, ciallaíonn an abairt dheireanach d'Airteagal 49(1) den Chairt go bhfuil sé d'oibleagáid ar an gcúirt achomhairc deiridh, i prionsabal, reachtaíocht choiriúil atá fabhrach do dhéantóir ciona a chur i bhfeidhm maidir le déantóir ciona a dtagann an pionós lena mbaineann faoi chur chun feidhme dhlí an Aontais, fiú má tháinig an reachtaíocht sin i bhfeidhm i ndiaidh fhógairt an chinnidh bhreithiúnaigh a bhí ina ábhar don achomharc sin ar phointe dlí.

107 Ní dhéantar difear don chonclúid sin leis an bhfíoras, de bhun an dlí náisiúnta, nach féidir an cinneadh a ndearnadh achomharc ina choinne a chur ar neamhní ach a mhéid a bhfuil earráid dlí ag baint leis nó a bhfuil sé de cheangal ar an gcúirt achomhairc deiridh breith a thabhairt i bhfianaise na staide a bhí i gceist tráth fógartha an chinnidh sin. Mar is léir ó mhír 97 den bhreithiúnas seo, ní mór do gach cúirt an dlí coiriúil níos fabhraí a chur i bhfeidhm maidir le déantóir ciona faoin dlí coiriúil, fad nach bhfuil a chiontú críochnaitheach.

108 Sa chás seo, is léir ón ordú tarchuir, ar an gcéad dul síos, gur chuir T.T. achomharc ar phointe dlí faoi bhráid na cúirte a rinne an tarchur, i gcomhréir leis an teorainn ama arna socrú ag an reachtaíocht náisiúnta ábhartha, gan bheith air imthosca eisceachtúla a léiriú agus, ar an dara dul síos, go bhfuil an chumhacht ag an gcúirt sin chun cinneadh an 27 Márta 2019 ón Krajský súd v Bratislave (Cúirt Réigiúnach, an Bhratasláiv) a chur ar neamhní.

109 Faoi réir fíorú ag an gcúirt a rinne an tarchur, ní fhéadfaí cinneadh an 27 Márta 2019 ón Krajský súd v Bratislave (Cúirt Réigiúnach, an Bhratasláiv), dá bhrí sin, a mheas mar 'ciontú críochnaitheach', chun críoch an abairt dheireanach d'Airteagal 49(1) den Chairt a chur i bhfeidhm.

110 Dá bhrí sin, má mheasann an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil an fhíneáil riaracháin a forchuireadh ar T.T. de chineál coiriúil, beidh sé de cheangal ar an gcúirt sin an reachtaíocht níos fabhraí a chur i bhfeidhm ina leith, de réir bhrí na habairte deireanaí d'Airteagal 49(1) den Chairt, arb í Airteagal 2(2) de Dhlí Uimh. 461/2007, arna léamh i gcomhar le Rialachán 2020/1054, gan beann ar an bhfíoras gur tháinig an reachtaíocht sin i bhfeidhm i ndiaidh an chinnidh, a aicmítear mar chinneadh críochnaitheach de bhun an dlí náisiúnta, ón Krajský súd v Bratislave (Cúirt Réigiúnach, an Bhratasláiv). Ní dhéantar difear don oibleagáid sin leis an bhfíoras go bhfuil sé de cheangal ar an gcúirt a rinne an tarchur, de réir dlí, rialú a thabhairt i bhfianaise na staide a bhí ann ar an dáta a tugadh an cinneadh sin.

111 Maidir leis an bpointe deireanach sin, ní mór a lua freisin, mura féidir léiriú a dhéanamh ar fhoráil náisiúnta atá i gcomhréir le ceanglais dhlí an Aontais, ceanglaítear leis an bprionsabal go bhfuil forlámhas ag an dlí sin go gcuirfidh an chúirt náisiúnta a bhfuil sé de chúram uirthi, laistigh dá dlínse, forálacha an dlí sin a chur i bhfeidhm, cur i bhfeidhm gach forála den dlí náisiúnta atá ar neamhréir le forálacha dhlí an Aontais a bhfuil éifeacht dhíreach acu ar leataobh (breithiúnais an 24 Meitheamh 2019, *Popławski*, C-573/17, EU:C:2019:530, míreanna 58 agus 61, agus an 20 Feabhra 2024, *X (Easpa cúiseanna le foireceannadh)*, C-715/20, EU:C:2024:139, mír 72).

112 Tá an abairt dheireanach d'Airteagal 49(1) den Chairt scríofa i dtéarmaí soiléire agus beachta agus níl aon choinníoll ag gabháil léi, rud a fhágann go bhfuil éifeacht dhíreach aici.

113 Dá bhrí sin, dá gcinnfeadh an chúirt a rinne an tarchur nach n-údaraítear leis an dlí náisiúnta na ráthaíochtaí a eascraíonn as an abairt dheireanach d'Airteagal 49(1) den Chairt a chur i bhfeidhm maidir leis an díospóid os a comhair agus nach féidir an dlí sin a léiriú ar bhealach atá i gcomhréir le dlí an Aontais, bheadh sé de cheangal uirthi, laistigh dá dlínse, an chosaint a áirithiú do dhaoine aonair a eascraíonn as an abairt dheireanach d'Airteagal 49(1) den Chairt agus lánéifeacht na forála sin a ráthú trí aon fhoráil náisiúnta a fhágáil gan feidhm, de réir mar is gá.

114 Is léir ó na breithnithe go léir roimhe seo nach mór an abairt dheireanach d'Airteagal 49(1) den Chairt a léiriú sa chaoi go gceanglaítear, i bprionsabal, ar chúirt a bhfuil achomharc ar phointe dlí os a comhair i gcoinne cinneadh breithiúnach lenar diúltaíodh do chaingean a tionscnaíodh i gcoinne fíneáil riaracháin de chineál coiriúil agus a thagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais, reachtaíocht náisiúnta níos fabhraí a chur i bhfeidhm maidir leis an duine ciontaithe, ar reachtaíocht í a tháinig i bhfeidhm i ndiaidh fhógairt an chinnidh bhreithiúnaigh sin, gan beann ar an bhfíoras go meastar faoin dlí náisiúnta go bhfuil an cinneadh sin críochnaitheach.

Costais

115 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir le hAirteagal 51(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   cuireann Ballstát dlí an Aontais chun feidhme, de réir bhrí na forála sin, i gcás, ar an gcéad dul síos, i gcomhréir le hAirteagal 19(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle an 20 Nollaig 1985 maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 agus Airteagal 41(1) de Rialachán 165/2014 Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar, ina bhforchuireann sé pionós riaracháin ar thiománaí feithicle, mar gheall ar shárú a rinne an tiománaí sin ar oibleagáidí arna bhforchur leis na Rialacháin sin agus, ar an dara dul síos, ina n-úsáideann sé, ina dhiaidh sin, an fhéidearthacht a aithnítear dó faoi Airteagal 3(2) den Rialachán sin, feithiclí iompair de bhóthar áirithe a dhíolmhú ó chomhlíonadh oibleagáidí den sórt sin.

2. **Maidir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 49(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   d'fhéadfadh sé go mbeidh feidhm aici maidir le pionós riaracháin, de chineál coiriúil, a forchuireadh ar bhonn riail a leasaíodh, i ndiaidh an pionós sin a ghlacadh, ar bhealach atá níos fabhraí don duine a cuireadh faoi phionós, ar choinníoll go léiríonn an leasú sin athrú sa seasamh maidir le haicmiú coiriúil na ngníomhartha a rinneadh an duine sin nó maidir leis an bpionós atá le cur i bhfeidhm.

3. **Maidir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 49(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ceanglaítear, i bprionsabal, ar chúirt a bhfuil achomharc ar phointe dlí os a comhair i gcoinne cinneadh breithiúnach lenar diúltaíodh do chaingean a tionscnaíodh i gcoinne fíneáil riaracháin de chineál coiriúil agus a thagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais, reachtaíocht náisiúnta níos fabhraí a chur i bhfeidhm maidir leis an duine ciontaithe, ar reachtaíocht í a tháinig i bhfeidhm i ndiaidh fhógairt an chinnidh bhreithiúnaigh sin, gan beann ar an bhfíoras go meastar faoin dlí náisiúnta go bhfuil an cinneadh sin críochnaitheach.

Sínithe